Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11786/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0259(NLE)**

**TRANS 543**
**MAR 169**
**COWEB 106**
**ELARG 57**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11204/21 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le Coiste Teicniúil um Iompar Uisce-iompartha agus Ilmhódúlacht a bhunú<br>- glacadh |

1. An 9 Lúnasa 2021, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Is é is aidhm don togra go nglacfadh an tAontas seasamh i bhfianaise an rún atá ag Coiste Stiúrtha Réigiúnach Chomhphobal Iompair an Aontais Eorpaigh agus na mBalcán Thiar coiste teicniúil um iompar uisce-iompartha agus ilmhódúlacht a chruthú.

3. Tá ionadaithe de chuid na bpáirtithe atá sa Chonradh um Chomhphobal Iompair ar na coistí sin, agus ionadaí ó pháirtí réigiúnach ina chathaoirleach orthu, agus cead ag breathnóirí ó Bhallstáit an Aontais a bheith rannpháirteach iontu; déanann na coistí tograí a mholadh ina réimse freagrachta féin don Choiste Stiúrtha Réigiúnach. Go dtí seo, táthar tar éis coistí ar leith a chruthú do bhóithre, d’iarnróid, d’éascú iompair, do shábháilteacht ar bhóithre agus d’iompar earraí contúirteacha.

4. An 7 Meán Fómhair 2021, rinne an Coimisiún cur i láthair don Mheitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin le linn chruinniú neamhfhoirmiúil dá comhaltaí. Mhínigh an Coimisiún go n-oibreodh an coiste, go háirithe, ar thacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le hiompar uisce-iompartha a ghlac Comhairle Aireachta TCT an 5 Iúil 2021. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an togra. Chinn an Uachtaránacht go raibh an togra réidh lena ghlacadh.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

— an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a fhormhuiniú, agus

— a mholadh don Chomhairle an Cinneadh, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 11490/21 agus in 11514/21[1] é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

[1] Cuirfear na doiciméid ar fáil ar a dhéanaí an 21 Meán Fómhair, go luath san iarnóin.